Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# FUTURE JOBS IRELAND 2019

Bonn a chur inniu faoi gheilleagar na todhchaí

## Achoimre Fheidhmeach



# Forléargas

Tá geilleagar na hÉireann láidir anois tar éis dúinn theacht aniar ón ngéarchéim airgeadais agus ón gcúlú eacnamaíochta a tháinig as. Ag an bpointe ba ísle go luath in 2012, ba é 16% an ráta dífhostaíochta. D'imigh beagnach 50,000 duine Éireannach ar imirce an bhliain sin. Tá ocht mbliana curtha dínn againn ó shin agus is ábhar mór bróid dúinn mar thír an dul chun cinn atá déanta againn. Faoi dheireadh 2018, bhí an ráta dífhostaíochta coigeartaithe de réir séasúir tite síos go 5.7%, bhí 2.28 milliún duine i mbun oibre agus bhí deireadh leis an eisimirce ag daoine ar an gcúis nach raibh an dara rogha acu ach imeacht.

Mar sin féin, ní féidir linn na maidí a ligean le sruth. Is léir go bhfuil leochaileachtaí suntasacha i ngeilleagar na tíre fós, ina measc leibhéil laghdaitheacha táirgiúlachta i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide. Mura ndéanfar iad a mhaolú, d'fhéadfadh srianta bonneagair, ganntanas scileanna, ganntanas oibrithe agus ródhíriú ar earnálacha agus ar mhargaí áirithe a bheith ina mbac ar dhul chun cinn. Go hidirnáisiúnta, d'fhéadfadh an Breatimeacht, cosantas trádála méadaitheach agus an droim láimhe atá á thabhairt don chóras trádála idirnáisiúnta rialacha-bhunaithe a bheith ina mbagairt ar ár leas eacnamaíochta.

**Is mian go mór leis an Rialtas tógáil ar na gnóthachain atá déanta againn le blianta beaga anuas lena chinntiú go mbeidh muintir na tíre seo in ann tairbhe a bhaint as caighdeán maireachtála agus cáilíocht saoil níos fearr anois agus amach anseo.** Tá roinnt tionscnamh idirnasctha Rialtais idir lámha leis na hiarrachtaí chuige sin a threisiú. Soláthraíonn *Éire 2040* creat chun áit den scoth le maireachtáil ann – agus le gnó a dhéanamh ann – a dhéanamh d'Éirinn trí straitéisí comhtháite spáis agus infheistíochta. Treiseoidh *Éire Dhomhanda* na caidrimh atá againn go hidirnáisiúnta ionas go mbeidh tionchar níos mó againn ar an stádas atá againn ar fud an domhain. Díríonn an clár áirithe sin ar sprioc uaillmhianach, mar atá an tionchar atá againn thar lear a dhúbailt. Comhlánóidh *Future Jobs Ireland* na tionscnaimh eile sin agus cinnteoidh sé go bhfuil fiontair agus oibrithe na hÉireann ullmhaithe agus oilte go maith le go mbeidh rath orthu sa gheilleagar domhanda, atá ag athrú go mear.

**Cé nach eol dúinn cad é atá amach romhainn, is léir go mbeidh oibrithe agus fiontair ag feidhmiú i ngeilleagar a bheidh athraithe ó bhun faoin mbliain 2025.** Mar gheall ar an teicneolaíocht, tá dóigheanna úra ann chun dul i mbun gnó agus tá deiseanna nua eacnamaíochta ann. Baineann idir dhúshláin agus fhéidearthachtaí nua leis sin. Tiocfaidh deireadh le róil agus le poist ar leith, nó déanfar iad a athshamhlú, agus beidh scileanna nua éagsúla de dhíth sna poist úra a thiocfaidh chun cinn. Ní mór dúinn cumas na hÉireann i réimsí ardteicneolaíochta – amhail Intleacht Shaorga, Réaltacht Bhreisithe agus Réaltacht Fhíorúil, Anailís ar Shonraí, Idirlíon na nEarraí agus Blocshlabhra – a mhéadú agus theacht i dtír ar an gcumas sin chun cuidiú le comhlachtaí bheith comhnuálach agus réitigh a fhorbairt i réimsí praiticiúla amhail Teicneolaíocht Mhuirí, Feithiclí Nasctha agus Feithiclí Neamhspleácha, Ard-Déantúsaíocht, Teicneolaíocht Talmhaíochta agus Bhia agus Cathracha Cliste. Tá ár dtimpeallacht nádúrtha ag athrú agus tá sé iontach tábhachtach go ndéanfaimid ár gcuid chun dul i ngleic leis an athrú atá ag teacht ar an aeráid. Tiocfaidh athrú suntasach ar réimsí áirithe den gheilleagar mar gheall ar an aistriú go geilleagar ísealcharbóin agus beidh deiseanna nua ar fáil do ghnólachtaí sin a bheidh chun tosaigh san aistriú sin.

**Tá sé in am againn athrú a dhéanamh ar na nithe a mbímid ag díriú orthu ó thaobh fiontar agus post de lena chinntiú go mbeidh poist ardcháilíochta ar fáil go seasamh amach anseo.** Ní hé go mbeimid ag díriú ar thuilleadh post a chruthú; is amhlaidh a dhíreofar ar phoist ardtáirgiúlachta, inbhuanaithe a chruthú. **Tá sé in am againn freisin athrú a dhéanamh ar an dóigh a mbímid ag obair má táimid le rannpháirtíocht san fhórsa saothair a mhéadú.** Díreoidh *Future Jobs Ireland* ar chúig cholún sna réimsí seo a leanas:

- an nuálaíocht agus athruithe teicneolaíochta a ghlacadh chugainn féin;
- táirgiúlacht fiontair bheaga agus mheánmhéide a fheabhsú;
- scileanna a fheabhsú agus a fhorbairt agus scoth na ndaoine a mhealladh;
- rannpháirtíocht san fhórsa saothair a mhéadú; agus
- triall ar gheilleagar ísealcharbóin.

Tá croí-ardmhianta leagtha amach in *Future Jobs Ireland 2019* maidir le gach ceann de na colúin thuasluaite. Tá siad bunaithe ar thorthaí sonraithe inseachadta a bheidh mar chéimeanna tábhachtacha i dtreo fhíorú gach ceann de na hardmhianta. Beidh na torthaí inseachadta bunaithe ar theagmháil, mar shampla an teagmháil a bhí idir an Rialtas agus páirtithe leasmhara ag an gCruinniú Mullaigh *Future Jobs* i mí na Samhna 2018 inar pléadh na colúin in *Future Jobs Ireland*. Baineann na torthaí inseachadta atá leagtha amach anseo le haghaidh 2019 leis an gcéad chéim de *Future Jobs Ireland* agus cuirfear leo ar bhonn bliantúil sna blianta beaga amach romhainn.

# An nuálaíocht agus athruithe teicneolaíochta a ghlacadh chugainn féin

# Colún 1 An nuálaíocht agus athruithe teicneolaíochta a ghlacadh chugainn féin

Tá an ceathrú réabhlóid thionsclaíoch linn. Táthar ag brú ar aghaidh leis an digitiú ar dhóigheanna úra agus ar dhóigheanna nach rabhamar ag dréim leo. Titfidh athruithe bunúsacha amach i gcuid mhaith de na poist atá ann sa lá atá inniu ann agus cruthófar róil as an nua san áit oibre. San am a chuaigh thart, bhí rath eacnamaíochta na hÉireann ag brath ar ár gcumas athruithe agus leasuithe a dhéanamh. I gcás an digitithe, ní mór d'fhiontair infheistíocht a dhéanamh ar mhaithe leis an nuálaíocht agus caithfidh daoine scileanna nua a fhoghlaim.

Is éigean dúinn ullmhú anois ionas go mbeidh fiontair agus daoine réidh le teacht i dtír ar na deiseanna a bheidh ar fáil. Caithfear fiontair a spreagadh le hinfheistíocht níos mó a dhéanamh i dtaighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht. Beidh straitéisí nua de dhíth chomh maith chun an t-aistriú i dtreo an tsaoil dhigitigh a threorú agus beidh foirne sainiúla ag teastáil le theacht i dtír ar na deiseanna a thiocfaidh chun cinn.

Beidh Beartú Tosaíochtaí 2018 an Rialtais faoin scéim Nuálaíocht 2020 ríthábhachtach mar chrann taca le *Future Jobs*. Tá leathnú déanta ar ár réimsí tosaíochta TFC; cuimsíonn siad anois Róbataic agus Intleacht Shaorga – Meaisínfhoghlaim agus Réaltacht Bhreisithe agus Réaltacht Fhíoraithe san áireamh. Tá Táirgeadh agus Próiseálú Inbhuanaithe Bia mar réimse tosaíochta chomh maith agus cuimsíonn siad anois córais bhia atá aeráid-chliste agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Tá uasdátú déanta ar réimsí eile tosaíochta agus tá dícharbhónú, an córas fuinnimh agus maireachtáil inbhuanaithe cuimsithe iontu anois. Ó thaobh déantúsaíochta de, tá ard-déantúsaíocht agus déantúsaíocht chliste, próiseáil teicneolaíochtaí agus nua-ábhair anois san áireamh.

Mar gheall ar theicneolaíochtaí nua tumthacha – amhail réaltacht fhíorúil, réaltacht bhreisithe agus réaltacht mheasctha – tá athrú ó bhun ag teacht ar an dóigh a mothaímid an domhan agus ar an léargas atá againn air. Tá táirgí agus seirbhísí a bhfuil ábhar digiteach mar chuid díobh á n-athrú ó bhun agus á bhfeabhsú chomh maith. Bíonn tionchar ag na teicneolaíochtaí bunathraitheacha seo ar roinnt mhaith tionscal agus margaí. Feabhsaíonn siad an léargas a bhíonn ag daoine ar an saol nithiúil; faigheann siad greim ar shamhlaíocht lucht a n-úsáidte agus athraíonn siad dearcadh daoine. Tá feidhm leis na teicneolaíochtaí seo i mórán réimsí éagsúla, scéalaíocht, cluichíocht, siamsaíocht, na healaíona, cultúr, turasóireacht, ailtireacht, innealtóireacht, leigheas, miondíol, iriseoireacht agus oideachas ina measc.

Tá an chumhacht atá i ríomhairí ag méadú i gcónaí agus mar gheall air sin agus ar Olltiomsú Sonraí, tá ag géarú ar fhorbairt na hIntleachta Saorga. Tá aithris á déanamh ar thascanna a mbíodh breithiúnas agus smaointeoireacht an duine de dhíth lena gcur i gcrích agus tá siad anois á ndéanamh go huathoibríoch. Tá Intleacht Shaorga ag imirt tionchar cheana féin ar chúrsaí iompair, ar na meáin shóisialta, ar chúrsaí slándála, ar chúrsaí airgeadais agus ar chluichíocht agus táthar ag dréim go mbeidh tionchar aici ar i bhfad níos mó réimsí amach anseo. Tá gníomhartha comhordaithe á bhforbairt ag an AE ar fud bhallstáit an AE lena chinntiú go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta ó thaobh na hIntleachta Saorga de go domhanda. Níl dabht ar bith faoi ach go dtiocfadh le hÉirinn a bheith ina ceannaire sa réimse seo agus forbrófar Straitéis Náisiúnta Inleachta Saorga a chinnteoidh go mbainfidh ionaid taighde, gnónna agus

earnáil phoiblí na tíre oiread tairbhe agus is féidir as teicneolaíochtaí Intleachta Saorga d'fhonn leibhéil níos fearr táirgiúlachta a chinntiú agus leas agus folláine daoine a fheabhsú.

In *Future Jobs Ireland*, oibreofar i dtreo na hardmhianta seo a leanas a fhíorú trí réimse torthaí inseachadta a bhaint amach sna blianta beaga atá amach romhainn.

**Ardmhianta**

Éire a chur i láthair mar cheannródaí ó thaobh an teicneolaíocht a ghlacadh chugainn féin de trí infheistiú i suíomhanna do thaispeántóirí agus trí chreata agus caighdeáin a chumasaíonn a fhorbairt

Cur chuige straitéiseach a chur i bhfeidhm chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as digitiú

An tSeirbhís Phoiblí a chur i láthair mar cheannaire ó thaobh teicneolaíocht a ghlacadh chugainn féin de agus ó thaobh na nuálaíochta de

Barrfhoirne a bhunú chun na deiseanna a bhaineann le hathruithe teicneolaíochta agus leis an triall ar gheilleagar ísealcharbóin a fhíorú

Cumas fiontair bheaga agus mheánmhéide chun dul i mbun taighde, forbartha agus nuálaíochta a mhéadú

Fiontair bheaga agus mheánmhéide a dhreasú chun infheistiú i dteicneolaíochtaí nua

Foirne Aistrithe a fhorbairt le cuidiú leis na hoibrithe agus leis na hearnálacha is mó a mbeidh dúshláin le sárú acu mar gheall ar an ngeilleagar athraitheach

Seo a leanas na haidhmeanna a bhaineann leis na torthaí inseachadta a bhainfear amach chun na hardmhianta thuas a fhíorú:

**Torthaí Inseachadta**

***Barrfhoirne*** a bhunú i réimsí éagsúla – Intleacht Shaorga, Teicneolaíocht Rialtais agus fuinneamh in-athnuaite san fharraige amuigh – i gcomhairle le páirtithe leasmhara d'fhonn deiseanna faoi choinne mhuintir na hÉireann a chruthú sna réimsí sin

**Bunathrú digiteach ar sheirbhísí poiblí** a ghlacadh chugainn féin d'fhonn iad a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos freagarthaí ar na riachtanais atá ag gnónna agus ag saoránaigh

Deiseanna **Ríomhshláinte** a fhorbairt tuilleadh

Gairm eile a eisiúint maidir le Ciste Nuálaíochta na d**Teicneolaíochtaí Bunathraitheacha** agus tuilleadh dreasachtaí chun dul i mbun nuálaíochta a fhorbairt

Éire a fhorbairt mar lárionad ina ndéantar **teicneolaíochtaí nua** a fhorbairt agus **a thástáil**, teicneolaíochtaí mar Chomhar-Róbataic (Cóbataic), Réaltacht Bhreisithe/Fhíorúil, micrileictreonaic agus nanaileictreonaic, fótónaic, Idirlíon na nEarraí, córais fuinnimh agus ardábhair; mar shampla:

- cur leis an ionad teicneolaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann/an Údarás Forbartha Tionscail ina mbítear ag plé le déantúsaíocht agus

taighde a bhaineann le déantúsaíocht bhreisithe, d'fhonn cóbaitic agus réaltacht bhreisithe/fhíorúil a chuimsiú,

- an tIonad Ard-Déantúsaíochta a chur chun cinn,
- Institiúid Náisiúnta Tyndall a mhéadú,
- tús a chur le forbairt Lárionad Náisiúnta Feabhais um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta agus Foirgnimh atá Neodrach Nach Mór ó thaobh Fuinnimh de,
- tús a chur le forbairt Lárionad Náisiúnta Deartha

**Tionscnaimh pholasaí** a sheachadadh, lena n-áirítear:

- Straitéis Tionscail 4.0,
- Straitéis Náisiúnta Dhigiteach, agus
- Straitéis Náisiúnta Intleachta Saorga

An t-eolas atá againn ar an tionchar a bhíonn ag aistriú eacnamaíochta ar oibrithe agus ar earnálacha leochaileacha a fheabhsú d'fhonn straitéis a fhorbairt le haghaidh ***Foirne Aistrithe*** a thabharfaidh tacaíocht do na hoibrithe sin

Tá liosta sonrach de réimse iomlán Torthaí Inseachadta 2019 le fáil i dtuarascáil iomlán *Future Jobs Ireland* 2019. Tá Roinn cheannasaíochta agus clár ama feidhmithe luaite le gach toradh inseachadta; tá eolas orthu sin le fáil sa tuarascáil iomlán freisin.

## Spriocanna

Trí *Future Jobs Ireland*, díreofar ar dhéine an Ollchaiteachais ar Thaighde agus Forbairt a mhéadú go suntasach, ó 1.4% go 2.5% d'Olltáirgeacht Náisiúnta, faoin mbliain 2025 (déanfar athbhreithniú ar an sprioc seo de réir mar a fhorbrófar clár a thiocfaidh in áit *Nuálaíocht 2020*).

Díreoimid freisin ar mhéaduithe suntasacha a bhaint amach maidir le sciar na bhfiontar beag agus meánmhéide atá nuálach ó thaobh táirgí nó próiseas de agus a bhfuil nuálaíocht mhargaíochta nó eagraíochtúil ag baint leo.



# Táirgiúlacht fiontair bheaga agus mheánmhéide a fheabhsú

# Colún 2 Táirgiúlacht fiontair bheaga agus mheánmhéide a fheabhsú

Tá feabhsú ar chaighdeán maireachtála agus ar cháilíocht saoil mhuintir na hÉireann mar bhunchloch bheartais an Rialtais. Tá gá le leibhéil níos airde táirgiúlachta leis an sprioc sin a bhaint amach. I gcás gnólachtaí aonair, bíonn a rath agus a bhfás sa mhargadh, margaí idirnáisiúnta go háirithe, ag brath ar iomaíocht níos fearr theacht as táirgiúlacht níos airde. Tá laghdú tagtha ar tháirgiúlacht fiontair bheaga agus mheánmhéide le blianta beaga anuas, áfach.

Cé go bhfuil an Nuálaíocht iontach tábhachtach chun táirgiúlacht a fheabhsú, tá tuilleadh le déanamh. In *Future Jobs Ireland*, oibreofar i dtreo na hardmhianta seo a leanas a fhíorú trí réimse torthaí inseachadta a bhaint amach sna blianta beaga atá amach romhainn.

**Ardmhianta**

Tuilleadh fiontar éagsúil a bhunú lena chinntiú go mbeidh teacht aniar níos fearr i ngeilleagar na hÉireann agus go mbeidh sé níos so-leasaithe

Táirgiúlacht fiontar a chur chun cinn mar thiománaí rathúnas eacnamaíochta

Dálaí creata gnó a fheabhsú chun go mbunófar gnólachtaí agus go bhfásfaidh siad

Fiontair a spreagadh le theacht i dtír ar an teicneolaíocht agus ar fheabhsuithe ar phróisis ghnó chun táirgiúlacht a mhéadú

Scileanna ceannasaíochta agus bainistíochta a fheabhsú i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide

Nascacht idir fiontair bheaga agus mheánmhéide agus fiontair ilnáisiúnta agus institiúidí oideachais tríú leibhéal a threisiú

Seo a leanas na haidhmeanna in 2019 a bhaineann leis na torthaí inseachadta a bhainfear amach chun na hardmhianta thuas a fhíorú:

**Torthaí Inseachadta**

An tionchar a bhíonn ag **Oifigí Fiontair Áitiúil** a mhéadú

Glacadh fiontair bheaga agus mheánmhéide le **tacaíochtaí táirgiúlachta** ó Fhiontraíocht Éireann agus ó Oifigí Fiontair Áitiúil a mhéadú

**Saoráid nua maoinithe le haghaidh infheistíochta** a fhorbairt le cuidiú le comhlachtaí dúchasacha Éireannacha a ngnónna a mhéadú

Fás **cnuasach** inar féidir le fiontair fás agus bheith ag cuidiú lena chéile a chur chun cinn agus **nascacht** idir gnónna le húinéirí iasachta agus gnónna le húinéirí Éireannacha a dhoimhniú

Fás táirgiúlachta san earnáil **foirgníochta** agus san earnáil **mhiondíola** a thiomáint


Tionchar **na Comhairle Náisiúnta Iomaíochta** a threisiú tríd an ról atá aige mar an Bord Náisiúnta Táirgiúlachta

Straitéis nua i dtaca le **fiontraíocht ban** a chur ar fáil

**Spriocanna**

Díreoidh *Future Jobs Ireland* ar mhéadú meánach bliantúil 1% in aghaidh na bliana suas go 2025 ar tháirgiúlacht ilghnéitheach (rud a léiríonn cé chomh héifeachtúil a bhímid maidir lena n-iarraimid ar oibrithe a dhéanamh agus maidir le húsáid acmhainní).

# Scileanna a fheabhsú agus a fhorbairt agus scoth na ndaoine a mhealladh



# Colún 3 Scileanna a fheabhsú agus a fhorbairt agus scoth na ndaoine a mhealladh

Muintir na hÉireann an acmhainn is fearr atá againn; tá buntáiste uathúil ag baint linn ó thaobh ár n-iomaíochta de. Le go mbeidh rath ar ár ngnólachtaí agus ar ár ngeilleagar i ngeilleagar iomaíoch domhanda atá athraithe ó bhun, ní mór go mbeidh na scileanna is nua-aimseartha ag bainisteoirí agus ag oibrithe; caithfidh siad leanúint lena n-oiliúint agus lena bhforbairt *i rith* a saol gairme.

Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil roghanna inrochtana ar fáil do dhaoine lena scileanna a fheabhsú agus go mbíonn soláthróirí oideachais agus oiliúna ag cur cúrsaí ábhartha, nua-aimseartha ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais na bhfiontar agus na n-oibrithe. Chomh maith leis sin, tá Éire san iomaíocht le tíortha eile chun daoine oilte a mhealladh, agus is cinnte go ngéaróidh ar an iomaíocht sin.

In *Future Jobs Ireland*, oibreofar i dtreo na hardmhianta seo a leanas a fhíorú trí réimse torthaí inseachadta a bhaint amach sna blianta beaga atá amach romhainn:

**Ardmhianta**

Freagairtí oideachais agus oiliúna ardcháilíochta ó thaobh scileanna de ar riachtanais athraitheacha fiontar a chur ar fáil go tráthúil

Daoine a spreagadh le dul i mbun foghlama agus feabhsú scileanna i rith a saoil

Rannpháirtíocht i gcláir phrintíseachta agus oiliúnaithe a chothú

Dul in iomaíocht go rathúil le tíortha eile le daoine oilte as fud fad an domhain a mhealladh

Treoir ghairme agus soláthar comhairle a fheabhsú

Seo a leanas na haidhmeanna in 2019 a bhaineann leis na torthaí inseachadta a bhainfear amach chun na hardmhianta thuas a fhíorú:

**Torthaí Inseachadta**

Dul i bhfeidhm ar dhaoine le go rachaidh siad i mbun **foghlama ar feadh an tsaoil** agus deiseanna a thabhairt d'oibrithe dul chun cinn a dhéanamh ina saol gairme

Roghanna **solúbtha oiliúna** a chur chun cinn

**Oiliúint agus riachtanais** oibrithe agus fiontar **maidir le scileanna a mheaitseáil**

A chinntiú go mbíonn ár gcóras **aistrithe eacnamaíochta** ag freagairt do riachtanais an mhargadh saothair

**Oiliúint i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn** a chur ar fáil

Clár a fhorbairt le haghaidh **fiontair bheaga agus mheánmhéide atá ag glacadh páirte i gcúrsaí oiliúna agus feabhsú scileanna** den chéad uair

Margadh nua ar líne a thabhairt isteach maidir le deiseanna **printíseachta**

**Comhairle ghairme** a thairiscint **d'oibrithe** tríd an Seirbhís Phoiblí Fostaíochta

## Spriocanna

Díreoidh *Future Jobs Ireland* ar rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a dhúbailt faoi 2025. Beidh sé mar aidhm againn freisin meán an AE a bhaint amach agus, más féidir, a shárú maidir leis an gcéatadán den daonra a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu, agus díreoimid ar infheistíocht ag fiontair Éireannacha in oiliúint a mhéadú.

# Rannpháirtíocht san fhórsa saothair a mhéadú



# Colún 4 Rannpháirtíocht san fhórsa saothair a mhéadú

Tá ag éirí le margadh saothair na hÉireann le tamall anuas. Mar sin féin, tá laigí struchtúrtha seasmhacha i réimsí áirithe. Tá an costas atá ar Luathfhoghlaim agus ar Luathchúram ardcháilíochta agus ganntanas na nithe sin mar bhac fós ar thuismitheoirí, mná go háirithe, dul isteach san fhórsa saothair. Tá daoine ag maireachtáil agus ag obair níos faide ná riamh, mar sin is gá dúinn fáilte a chur roimh oibrithe níos sine isteach san fhórsa saothair.

Tá *Future Jobs Ireland* ag dul i ngleic leis na dúshláin struchtúrtha seo ar na dóigheanna seo a leanas: bacanna ar iontráil san fhórsa saothair a laghdú, infheistíocht i Luathfhoghlaim agus i Luathchúram, saintacaíochtaí gníomhachtúcháin agus oiliúna, agus deiseanna tarraingteacha fostaíochta a ghiniúint.

In *Future Jobs Ireland*, oibreofar i dtreo na hardmhianta seo a leanas a fhíorú trí réimse torthaí inseachadta a bhaint amach sna blianta beaga atá amach romhainn:

**Ardmhianta**

Rannpháirtíocht san fhórsa saothair a chur chun cinn trí Luathfhoghlaim agus Luathchúram ardcháilíochta

Rannpháirtíocht san fhórsa saothair a chothú trí réitigh sholúbtha oibre

Dreasachtaí chun a bheith rannpháirteach san fhórsa saothair a fheabhsú

Cleithiúnaithe lánfhásta agus daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa lánaimseartha eile a spreagadh le dul i mbun gníomhachtúcháin agus le dul isteach san fhórsa saothair agus/nó fanacht ann

Feachtais phoiblíochta a eagrú le leibhéil níos fearr rannpháirtíochta san fhórsa saothair a bhaint amach

Seo a leanas na haidhmeanna in 2019 a bhaineann leis na torthaí inseachadta a bhainfear amach chun na hardmhianta thuas a fhíorú:

**Torthaí Inseachadta**

Treoirlínte a fhorbairt d'fhostóirí maidir le **roghanna oibre solúbtha**

**Comhairliúchán náisiúnta** a dhéanamh faoi roghanna oibre solúbtha a leathnú amach

Taithí oibre faoi choinne **daoine óga** a chur chun cinn

Torthaí fostaíochta le haghaidh **daoine atá faoi mhíchumas** a fheabhsú

**Seirbhís filleadh ar obair** a fhorbairt faoi choinne grúpaí áirithe mar chuid den Seirbhís Phoiblí Fostaíochta

Dreasachtaí a chur ar fáil do **dhaoine ar mian leo fanacht níos faide i mbun oibre**

**Spriocanna**

Díreoidh *Future Jobs Ireland* ar mhéadú suntasach 3 phointe céatadáin, go 78%, a bhaint amach faoin mbliain 2025 maidir le rátaí foriomlána rannpháirtíochta ag daoine idir 25 bliana agus 69 mbliana d'aois; díreofar ar mhéaduithe níos mó i gcás ban agus daoine scothaosta.

# Ag triall ar gheilleagar ísealcharbóin



# Colún 5 Ag triall ar gheilleagar ísealcharbóin

Ní mór athrú ó bhun a chur i bhfeidhm ó thaobh an geilleagar a dhícharbhónú de sna deich mbliana atá romhainn má táthar le spriocanna aeráide na hÉireann a bhaint amach. Beidh athruithe suntasacha le mothú ar fud earnálacha éagsúla sa gheilleagar agus cruthófar cineálacha nua fiontar agus post.

Tá róil thábhachtacha ag an rialtas agus ag fiontair chun na nithe seo a leanas a chur chun cinn, a fhorbairt agus a ghlacadh chugainn féin: teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nuálacha a mhéadaíonn éifeachtúlachtaí, a laghdaíonn dramhaíl agus a chruthaíonn forbairt inbhuanaithe i gcomhthéacs geilleagair ar fud an domhain bheith ag triall ar gheilleagair ísealcharbóin, ar bhithgheilleagair agus ar gheilleagair chiorclacha. Comhlánóidh *Future Jobs Ireland* an *Plean Uile-Rialtais don Aeráid* chun an sprioc sin a bhaint amach.

Tá deiseanna tráchtála ar fáil do chomhlachtaí in earnálacha ar fud na hÉireann mar gheall ar fhorbairt an gheilleagar ísealcharbóin, an bhithgheilleagair agus geilleagair chiorclacha; tá buntáistí inmhianaithe comhshaoil ann freisin.

In *Future Jobs Ireland*, oibreofar i dtreo na hardmhianta seo a leanas a fhíorú trí réimse torthaí inseachadta a bhaint amach sna blianta beaga atá amach romhainn:

**Ardmhianta**

A bheith ar thús cadhnaíochta agus caighdeáin á nglacadh agus á bhforbairt sa gheilleagar ísealcharbóin

Na deiseanna a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíochta agus cruthú post a fhíorú

Na hacmhainní nádúrtha, na láidreachtaí fiontraíochta agus an cumas nuálaíochta atá ar fáil in Éirinn a ghiaráil le go mbeimid mar cheannaire domhanda sa gheilleagar ciorclach agus sa bhithgheilleagar

Seo a leanas na haidhmeanna in 2019 a bhaineann leis na torthaí inseachadta a bhainfear amach chun na hardmhianta thuas a fhíorú:

**Torthaí Inseachadta**

Athbhreithniú a dhéanamh ar **ghné réigiúnach** na n-impleachtaí eacnamaíochta agus fostaíochta a bhaineann leis an aistriú go geilleagar ísealcharbóin

Éire a chur i láthair mar lárionad taighde, forbartha agus nuálaíochta maidir le **greillí cliste, foirgnimh agus teicneolaíochtaí in-athnuaite**

**Clár doimhin náisiúnta aisfheistithe** a chur i bhfeidhm maidir leis an stoc tithíochta

**Feithiclí leictreacha** a chur chun cinn agus breis agus 10,000 feithicil leictreach a bheith ar an mbóthar faoi dheireadh na bliana

Constaicí ar fhorbairt an bhithgheilleagair a aithint

**Deiseanna a bhaineann le deimhniú, caighdeáin** agus lipéid a aithint e.g. maidir le bith-tháirgí

**Beartas fála glaise** a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

**Spriocanna**

Díreoidh *Future Jobs Ireland* ar 250,000 aisfheistiú i dtithe cónaithe a chur i gcrích. Díreoimid ar an sciar den úsáid iomlán fuinnimh atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite a mhéadú go 20% faoi 2025. Leagfaimid síos freisin spriocanna uaillmhianacha, laghdú ar $CO_2$ san áireamh, sa Phlean Uile-Rialtais don Aeráid, plean a fhéachfaidh le hÉirinn a chur ar thús cadhnaíochta sa fhreagairt ar an gcur isteach ar an aeráid atá ag titim amach.

# Cur i ngníomh



# Cur i ngníomh agus na céad chéimeanna eile

Is creat meántéarmach é *Future Jobs Ireland,* mar sin tá spriocanna ardleibhéil leagtha amach faoi gach colún le haghaidh na bliana 2025. Tá méadraigh agus spriocanna níos sonraithe leagtha amach i dtaca le gach toradh inseachadta freisin.

Déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn agus foilseofar tuarascálacha faoi dhul chun cinn gach sé mhí.

Le linn 2019, oibreoidh Ranna Rialtais i gcomhar le páirtithe leasmhara le torthaí inseachadta eile a fhorbairt a chuirfear in *Future Jobs Ireland 2020*.

gov.ie/futurejobsireland

Arna ullmhú ag Roinn an
Taoisigh agus ag an Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland